Cuairt ón bPápa

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar mhír i gceann tamaill faoi chuairt a bheidh an Pápa Proinsias ag tabhairt ar Éirinn. Sula bhféachann tú ar an mír, an féidir leat féin agus leis an duine in aice leat Gaeilge a chur ar na frásaí seo?

1. *Pope Francis has confirmed:* _____
2. *the Vatican:* _____
3. *centre of power:* _____
4. *Irish Bishops:* _____
5. *the necessary arrangements:* _____
6. *the United Kingdom:* _____
7. *the refugee crisis:* _____

Féachaigí anois ar an mír. An raibh an ceart agaibh?

Ceist 2 Féach ar an mír den dara babhta agus freagair na ceisteanna seo:

1. Cérbh é an Pápa deireanach a thug cuairt ar Éirinn agus cathain a tháinig sé anseo?
2. Bhí an cruinniú a tharla idir Enda Kenny agus an Pápa suntasach. Cén tslí?
3. Cé a thug cuireadh don Phápa Proinsias teacht go hÉirinn?
4. Cén bhaint a bheidh ag Enda Kenny leis an gcuairt?
5. Cad é an t-ábhar comhrá a bhí idir Enda Kenny agus an Pápa?

Ceist 3 Bí ag obair leis an duine in aice leat. Déanaigí bhur machnamh ar na focail ‘Éire’, ‘Éirinn’ agus ‘Éireann’.

1. Mínígí cathain a úsáidtear na leaganacha difriúla sin.
2. Cuirigí na focail ‘Éire’; ‘Éirinn’ agus ‘Éireann’ in abairtí. Cumaigí dhá abairt do gach ceann acu.
3. Féachaigí anois ar an dán Mise Éire le Pádraig Mac Piarais thíos. An féidir libh brí a bhaint as? Pléigí aon fhocal nó aon fhrása nach bhfuil sibh cinnte fúthu.

Mise Éire
Sine mé ná an Chailleach Bhéara

Mór mo ghlóir
Mé a rug Cú Chulainn cróga

Mór mo náir
Mo chlann féin a dhíol a máthair

Mór mo phian
Bithnaimhde de mo shíorchiapadh

Mór mo bhrón
D'éag an dream inar chuireas dóchas

Mise Éire
Uaigní mé ná an Chailleach Bhéara

Ceist 4 Féach ar an bhfrása seo ón mír: **croílár cumhachta na hEaglaise Caitlicí**. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus déanaigí na rudaí seo a leanas:

1. Tá 'na heaglaise caitlicí' sa tuiseal ginideach sa fhrása thuas. Scríobhaigí amach sa tuiseal ainmneach é.
   the Catholic Church: _____

2. Déanaigí an rud céanna leis na samplaí seo:

   "Cáipéis de chuid **na Comhairle Eorpaí**"
   the European Council: _____

   "Coiste Athbhreithnithe **na Sraithe Sóisearaí**"
   the Junior Cycle: _____

   "Údair **na tuairisce cuimsithí**"
   the comprehensive report: _____

3. Tá na hainmfhocail **eaglais**, **comhairle**, **sraith** agus **tuairisc** thuas baininscneach agus sin é an fáth a n-athraíonn an –(e)ach go dtí –(a)í sna haidiachtaí a leanann iad sa tuiseal ginideach. Tugaigí faoi deara anois cad a tharlaíonn nuair is ainmfhocail firinscneacha a bhíonn i gceist (**aontas**, **teastas** agus **staidéar**). Bainigí triail as na frásaí thíos a chur sa tuiseal ainmneach:

   "Tír de chuid **an Aontais Eorpaigh**"
   the European Union: _____

   "Scrúduithe **an Teastais Shóisearaigh**"
   the Junior Cert: _____

   "Údair **an staidéir chuimsithigh**"
   the comprehensive study: _____

Ceist 5 Féach féin agus an duine in aice leat ar na frásaí seo ón mír. Cad is féidir libh a rá fúthu ó thaobh na gramadaí de? Tá an chéad cheann déanta daoibh.

1. ag an bPápa: Bíonn urú ann i ndiaidh 'ag an' (i gcanúintí áirithe.)
2. an chéad chruinniú:
3. pleananna na Ríochta Aontaithe:
4. as an Aontas Eorpach:
5. cúrsaí dífhostaíochta:

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo thíos leis na daoine eile i do ghrúpa.

1. Tá a lán athruithe tarlaithe in Éirinn ón uair dheireanach a thug Pápa cuairt orainn i 1979. Cad iad na hathruithe is mó acu sin a chuireann gliondar ar do chroí?
2. Samhlaigh go bhfuil tú ocht mbliana déag sa bhliain 1979. Cén saghas saoil atá romhat amach, meas tú?
3. An dóigh leat go bhfuil tionchar ag an Eaglais Chaitliceach ar shaol mhuintir na hÉireann na laethanta seo? Cén tslí?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1.	*Pope Francis has confirmed:*	tá sé deimhnithe ag an bPápa Proinsias
2.	*the Vatican:*	an Vatacáin
3.	*centre of power:*	croílár cumhachta
4.	*Irish Bishops:*	Easpaig na hÉireann
5.	*the necessary arrangements:*	na socruithe cuí
6.	*the United Kingdom:*	an Ríocht Aontaithe
7.	*the refugee crisis:*	géarchéim na dteifeach

Ceist 2

1. An Pápa Eoin Pól II sa bhliain 1979.
2. Ba é an chéad chruinniú príobháideach idir an mbeirt acu é.
3. Easpaig na hÉireann.
4. Déanfaidh sé féin agus an rialtas na socruithe cuí chun tacú leis an gcuairt.
5. Pleananna na Ríochta Aontaithe imeacht as an Aontas Eorpach, cúrsaí dífhostaíochta i measc na n-óg agus géarchéim na dteifeach.

Ceist 3

Éire: úsáidtear é seo sa tuiseal ainmneach ach is minic, sa chaint laethúil, go n-úsáidtear ‘Éirinn’ sa tuiseal ainmneach chomh maith.
Éirinn: úsáidtear é seo i ndiaidh na réamhfhocal simplí.
Éireann: seo an fhoirm a úsáidtear sa tuiseal ginideach.

Ceist 4

1. *the Catholic Church:* an Eaglais Chaitliceach
2. *the European Council:* an Chomhairle Eorpach
3. *the Junior Cycle:* an tSraith Shóisearach
4. *the comprehensive report:* an tuairisc chuimsitheach
5. *the European Union:* an tAontas Eorpach
6. *the Junior Cert:* an Teastas Sóisearach
7. *the comprehensive study:* an staidéar cuimsitheach

Ceist 5

1.	ag an bPápa:	Bíonn urú ann i ndiaidh ‘ag an’ (i gcanúintí áirithe.)
2.	an chéad chruinniú:	Bíonn séimhiú i ndiaidh ‘an chéad’, seachas ar d/t/s.
3.	pleananna na Ríochta Aontaithe:	Tá an focal ‘Ríocht’ baininscneach. Tá ‘an Ríocht Aontaithe’ sa tuiseal ginideach i ndiaidh an ainmfhocail ‘pleananna’.
4.	as an Aontas Eorpach:	Caillltear an ‘t’ (an tAontas) sa tuiseal tabharthach.
5.	cúrsaí dífhostaíochta:	Tá an focal ‘dífhostaíocht’ sa tuiseal ginideach i ndiaidh an ainmfhocail ‘cúrsaí’.

Ceist 6

Cuir gach beirt nó triúr ag obair le chéile chun na ceisteanna a phlé.

Eimear Ní Chonaola

Tá sé deimhnithe ag an bPápa Proinsias go dtabharfaidh sé cuairt ar Éirinn i mí Lúnasa 2018. Bhí cruinniú ag an Taoiseach, Enda Kenny, leis an bPápa sa Vatacáin ar maidin. Níor thug aon Phápa cuairt ar Éirinn ó thug Pápa Eoin Pól 2 cuairt ar an tír sa mbliain[1] 1979.

I bPálás na nAspal sa Vatacáin, croílár cumhachta na hEaglaise Caitlicí, an áit ar chas an Taoiseach, Enda Kenny, agus a bhean chéile, Fionnuala, leis an bPápa Proinsias. Bhí cruinniú príobháideach ag an mbeirt fhear ar feadh 25 nóiméad, an chéad chruinniú príobháideach ag Enda Kenny leis an bPápa. Dhearbhaigh an Pápa Proinsias go dtabharfadh sé cuairt ar Éirinn i mí Lúnasa 2018 agus léirigh sé spéis, freisin, i gcuairt a thabhairt ar Thuaisceart Éireann. Dúirt an Taoiseach, Enda Kenny, go raibh sé lánsásta tacú leis an gcuireadh a bhí tugtha ag Easpaig na hÉireann cheana féin don Phápa teacht go Baile Átha Cliath in 2018 agus go ndéanfadh an rialtas na socruithe cuí ar fad. Is i mBaile Átha Cliath a bheas Cruinniú Domhanda na dTeaghlach le gairm i mí Lúnasa na bliana sin, ócáid a bhíonn ann chuile[2] 3 bliana in áiteacha[3] éagsúla ar fud an domhain. Dúirt an Taoiseach gur phléigh sé féin agus an Pápa iliomad ábhar: pleananna na Ríochta Aontaithe imeacht as an Aontas Eorpach, cúrsaí dífhostaíochta i measc na n-óg, chomh maith le géarchéim na dteifeach. Meastar gur cuairt dhá lá a thabharfaidh an Pápa Proinsias ar an tír seo idir thuaidh agus theas i mí Lúnasa 2018.

[1] Córas Chonnacht
[2] *gach uile* an leagan caighdeánach
[3] *áiteanna* an leagan caighdeánach